

AN CÁS 2018

Ó hEochagáin v. Amú Teoranta

Theastaigh grianán agus linn snámha ina ghairdín cúil ó Anraí Ó hEochagáin, réalta teilifíse. Chuir sé an cúram amach ar forthairiscint. Ghlac sé le tairiscint Amú Teoranta agus d'aontaigh siad go ndéanfaí an jab ar €20,000 cé gur thuig Anraí agus Amú Teo. araon go raibh an praghas sin míréadúil íseal.

Thóg Amú Teo. an grianán agus thosaigh ar an linn snámha ach ní fada gur rith an comhlacht amach as airgead agus as ábhar lena haghaidh. Chuir an comhlacht in iúl do Anraí nach bhféadfaí an linn snámha a chríochnú mura gcuirfí tuilleadh airgid ar fáil dó.

Thit an lug ar an lag ag Anraí. Bhí cóisir cois linne eagraithe aige le haghaidh léiritheoirí de chuid Teilifís Fódhla chun cur ina luí orthu é a chur i mbun cúpla clár.

“Droch-rath ort a chladhaire”, arsa Anraí le Brian Ó Buachalla, stiúrthóir Amú Teo, “Tá ceangal na gcúig gcaol agat orm!” D'aontaigh Anraí iasacht airgid €9,000 a thabhairt don chomhlacht ar an gcoinníoll go n-aisíocfaí an t-airgead a luaithe is a d'íocfaí Amú Teo. as a chéad jab eile.

Chríochnaigh Amú Teo. an linn snámha amach agus chuir barr feabhais uirthi. D'éirigh thar barr le cóisir Anraí agus fostaíodh é ina láithreoir ar chlár nua “Cá bhfuil mé?” ar sciar den bhrabús a dhéanfaidh an clár.

Agus gliondar croí ar Anraí deir sé le Brian Ó Buachalla “Thug tú slán ón dól mé. Déan dearmad ar an €9,000.”

Teipeann glan ar “Cá bhfuil mé?” agus baintear den aer é. Faigheann Amú Teo. conradh fíor-luachmhar ag tógáil árais chónaithe do réalt mhór teilifíse.

Cuireann Anraí an dlí ar Amú Teo chun an €9,000 a aisghabháil:

- mar ghnáthfhiach, nó
- toisc gur faoi éigeantas a baineadh an €9,000 de.

Ba é breithiúnas an Bhreithimh Ó Diabhail sa Chúirt Chuarda:

1. Gur shocair do Anraí ba ea an linn snámha a chríochnú agus dá bhrí sin ba leor é mar chomaoin ar an íocaíocht €9,000, agus
2. Níorbh éigeantas eacnamaíoch a thug ar Anraí an €9,000 a thabhairt ar iasacht do Amú Teo. In ainneoin gur chuir an comhlacht brú neamhdhlisteanach air trí bhagairt air go mbrisfí an conradh in éagmais an airgid bhreise, níor sháraigh sé sin toil Anraí.

Seo achomharc Anraí san Ard-Chúirt.

Foclóir : *faoi éigeantas - under duress,*
mar chomaoin - as consideration
Gur shocair do Anraí x - x was a benefit to Anraí
éigeantas eacnamaíoch - economic duress,
níor sháraigh sé sin toil Anraí - it didn't overpower Anraí's will